Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Eanáir 2018
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0106 (COD)**

**14092/1/17**
**REV 1 ADD 1 REV 2**

**CODEC 1762**
**FRONT 460**
**VISA 419**
**COMIX 745**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 a chur chun feidhme<br>**(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= ráitis |

**Ráiteas ón gComhairle agus ón gCoimisiún**

Cuireann an Chomhairle agus an Coimisiún i bhfáth a thábhachtaí atá sé, chun an chalaois aitheantais a chomhrac, chun iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a shainaithint go cruinn agus chun dearbhuithe na n-iarratasóirí a fhíorú, go mbeadh na húdaráis tearmainn in ann rochtain dhíreach a fháil ar shonraí faoi náisiúnaigh tríú tír a stóráiltear in EES nuair a bhíonn iarratais ar chosaint idirnáisiúnta á scrúdú acu agus nuair a bhíonn cinneadh faoin mBallstát atá freagrach as na hiarratais sin a scrúdú á dhéanamh acu.

Ar an gcúis sin, tá an dá institiúid ar chomhintinn gur cheart foráil dlí a thabhairt isteach sna hionstraimí ábhartha den phacáiste tearmainn agus i reachtaíocht ábhartha eile, go háirithe an togra le haghaidh rialachán nós imeachta tearmainn agus rialachán Bhaile Átha Cliath atá á phlé faoi láthair i gcomhlachtaí na Comhairle, lena n-áiritheofar go mbeidh rochtain dhíreach ag na húdaráis tearmainn ar EES. Sa chomhthéacs sin, ba cheart cás sonrach na Stát comhlachaithe Schengen agus Bhaile Átha Cliath a chur san áireamh.

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Tá an Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta comhsheasmhach le Scéim Idirthurais Kaliningrad dá bhforáiltear i Rialachán Uimh. 693/2003[1] de réir an leagan amach atá air faoi láthair.

Áiritheoidh an Coimisiún an chomhsheasmhacht reachtach idir na gníomhartha dlí sin i gcás ina leasófar Scéim Idirthurais Kaliningrad amach anseo.

**Ráiteas ón Ostair**

Is mór ag an Ostair na tréaniarrachtaí a rinne Uachtaránacht na hEastóine chun comhthoil ghinearálta a bhaint amach i measc na mBallstát maidir leis an tsaincheist thábhachtach seo.

Mar sin féin, is neamhleordhóthanach i gcónaí í an rochtain atá ag údaráis forfheidhmithe dlí ar na sonraí chun náisiúnaigh tríú tíortha nó grúpaí eile ar ciontóirí iad a shainaithint. Táthar ag súil go dtiocfar ar réiteach ar an bhfadhb seo trí idir-inoibritheacht a áirithiú.

Ar mhaithe le comhar éifeachtach idir na húdaráis tearmainn sna Ballstáit, b'fhearr dá mbeadh rochtain ag na húdaráis sin ar an gcóras dul isteach/imeachta. Caitheadh tamall fada agus baineadh úsáid as cuid mhór acmhainní daonna agus airgeadais chun an córas dul isteach/imeachta a fhorbairt agus tá sé fíor-riachtanach, freisin, gur féidir uirlisí cosúil leis sin a úsáid go héifeachtach. Bheadh breisluach suntasach le fáil sa chóras dul isteach/imeachta dá mbeadh rochtain ag na húdaráis tearmainn ar an gcóras dul isteach/imeachta, d'fhonn náisiúnaigh tríú tír a shainaithint go cruinn agus d'fhonn an nós imeachta agus fillteacha forghníomhaithe a éascú.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 693/2003 ón gComhairle ar an 14 Aibreán 2003 lena mbunaítear Doiciméad Idirthurais Éascaithe (FTD) sonrach, Doiciméad Idirthurais Iarnróid Éascaithe (FRTD) agus lena leasaítear na Teagaisc Choiteanna Chonsalacha agus an Lámhleabhar Coiteann IO L 99, 17.04.2003, lch. 8

## Ráiteas ón mBeilg

Thacaigh an Bheilg riamh leis an sprioc uileghabhálach i dtaca le leanúint de straitéis chomhtháite an Aontais maidir le bainistiú teorainneacha a fhorbairt, lena n-áirítear úsáid níos fearr a bhaint as teicneolaíochtaí nua-aimseartha chun bainistiú na rialuithe ag teorainneacha a fheabhsú. Beidh bunú an chórais dul isteach/imeachta ina chabhair chun éifeachtacht an rialaithe teorann a fheabhsú, trí thrasnú teorann a éascú do thromlach na ndaoine atá ag taistil agus tiocfaidh feabhas ar an tslándáil teorann ag an am céanna.

Is díol sásaimh dúinn mar sin an Togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011.

Déanfar foráil leis an gCóras Dul Isteach/Imeachta freisin le haghaidh áireamhán uathoibrithe aonair a léireoidh uasfhad na tréimhse fanachta údaraithe sna Ballstáit a oibríonn EES. Athróidh sin an bealach ina ríomhfar an tréimhse fanachta údaraithe go suntasach i gcomparáid leis an mbealach a rinneadh go dtí seo é. Tugann forálacha reatha *acquis* Schengen atá ábhartha do ríomh na tréimhse fanachta léiriú eile ar an mbealach ar cheart an tréimhse fanachta údaraithe a ríomh.

Sa chaoi agus go mbeidh cur chuige comhtháite ann maidir le ríomh na tréimhse fanachta údaraithe, ba mhaith leis an mBeilg a iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach scrúdú a dhéanamh ar fhorálacha uile ábhartha *acquis* Schengen agus leasuithe a mholadh nuair is gá. Ar an gcaoi sin, féadfar creat dlíthiúil soiléir a áirithiú ón nóiméad a thiocfaidh an Córas Dul Isteach/Imeachta i ngníomh.

## Ráiteas ón tSlóivéin

Tacaíonn Poblacht na Slóivéine go hiomlán leis na hiarrachtaí rialú ar theorainneacha seachtracha an Aontais a neartú, lena n-áirítear bunú an chórais Dul Isteach/Imeachta, rud atá ag teacht le ceanglais na Comhairle Eorpaí agus go leor doiciméad straitéiseach de chuid an Aontais.

Rinneadh sprioc an chórais, is é sin feabhas a chur ar an rialú ar na daoine atá i gcríoch na mBallstát, a fhormheas siar in 2008, le linn uachtaránacht na Slóivéine, nuair a mhol airí na mBallstát don Choimisiún, don chéad uair, go n-ullmhófaí togra le haghaidh córas dá leithéid.

Ar an bhfáth sin, is cúis díomá dúinn nach dtugann an rialachán seo faoin sprioc sin go hiomlán, sa mhéid agus go gcuireann sé srian ar úsáid an chórais go limistéar Schengen amháin, rud a dhéanann idirdhealú arís ar theorainneacha seachtracha agus inmheánacha an Aontais, nár glacadh cinntí ina leith go fóill chun fáil réidh le rialuithe. Ní amháin gur idirdhealú dlíthiúil é sin, ach beidh impleachtaí praiticiúla aige freisin ós rud é go mbeidh tionchar díréireach aige ar shreabhadh na ndaoine ag pointí trasnaithe teorann ag an teorainn talún ag a ndéanfar é agus ag roinnt teorainneacha idir Ballstáit an Aontais freisin mar sin.

Ba mhaith linn a chur in iúl go ndearnadh an bonneagar ag an bpointe trasnaithe teorann ag teorainn sheachtrach talún Schengen i bPoblacht na Slóivéine a oiriúnú do na hoibleagáidí a bhí ann nuair a tháinig sí isteach i limistéar Schengen. Agus méadú ag teacht de shíor ar an trácht ag an teorann seo agus an réimeas rialaithe a bheith athraithe mar gheall ar sheiceálacha córasacha ar na paisinéirí uile agus mar thoradh ar úsáid éigeantach roinnt córas nua rialaithe teorann, ní bheidh an bonneagar in ann do shreabhadh réasúnta tráchta go luath.

Mar sin, iarrann Poblacht na Slóivéine ar an gCoimisiún Eorpach tuilleadh maoinithe a chur ar fáil le gur féidir leasuithe oiriúnacha a dhéanamh ar an mbonneagar, ós rud é go bhfuil srianta ar mhaoiniú infheistíochtaí sa bhonneagar ag pointí trasnaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha sealadacha an Aontais, srianta atá san áireamh sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2014-2020. Is chun leasa choitinn gach Ballstát de chuid an Aontais é an rialú ag teorainneacha seachtracha, agus le bunú an chórais Dul Isteach/Imeachta, ní fhéadfaidh Poblacht na Slóivéine a bheith freagrach, nó níl siad sásta a bheith freagrach as aon fhadú ar amanna feithimh ag teorainneacha seachtracha limistéar Schengen agus ní mheasfaidh sí gur ceist dhéthaobhach é sin a bheidh le réiteach mar chuid den chaidreamh le tíortha comharsanachta.

## <u>Ráiteas ón gCróit</u>

Tacaíonn Poblacht na Cróite le cuspóir an Rialacháin seo ós rud é gur cheart go mbeadh sé ina rannchuidiú chun staid fhabhrach slándála a threisiú agus a choinneáil ar fud chríoch an Aontais Eorpaigh, ar réamhriachtanas dó sin, inter alia, rialú níos fearr agus níos oibríochtúla a bheith ann ar na teorainneacha seachtracha.

Ba cheart an aidhm sin a mheas mar cheann de phríomhleasanna shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus measann Poblacht na Cróite nach bhfuil sé inghlactha nach gcuirfí an Rialachán seo i bhfeidhm, díreach ó thús a chur i bhfeidhm oibríochtúil, ag teorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh, ós rud é go mbainfí dá éifeacht, gan ghá gan chúis, mura ndéanfaí sin. Ba cheart a thuiscint go soiléir go ndéanfaí an fhoráil atá ann cheana in Airteagal 6(1) de Chód Teorainneacha Schengen (SBC), agus na forálacha atá ann cheana i gConradh Aontachais Phoblacht na Cróite mar dhlúthchuid den *acquis communautaire*, a chur ar fionraí go sealadach, le teacht i bhfeidhm an togra seo le haghaidh rialacháin. Ba mhaith le Poblacht na Cróite a chur in iúl, go ndearna an Coimisiún Eorpach foráil, i dteideal an Togra le haghaidh Rialachán, do chur chun feidhme an Rialacháin ag pointí seachtracha an Aontais féin agus mar sin do chóir chomhionann na mBallstát uile.

Mura ndéanfaí an Rialachán a chur i bhfeidhm go comhionann maidir le Ballstáit ar stáit iomlána Schengen iad agus maidir le stáit atá ar tí a bheith ina stáit iomlána Schengen, lena n-áirítear Poblacht na Cróite, ní bheadh aidhm an Rialacháin seo ach ina haidhm thánaisteach agus, chomh maith le bheith ina bhagairt do shlándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh agus don chomhrac éifeachtúil i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus na coireachta tromchúisí, teachtaireacht dhiúltach a bheadh á seoladh amach chuig an bpobal Eorpach i gcoitinne.

Maidir leis an ngné oibríochtúil, mura ndéanfaí an rialachán seo a chur i bhfeidhm go comhionann, ní bheifí in ann fad fanachta an náisiúnaigh tríú tír gearrfhanachta san Aontas a chlárú de bharr easpa rochtana ar an VIS tríd an gcóras dul isteach/imeachta, agus dá réir sin, ní bheifí in ann bailíocht víosa Schengen a fhíorú. Ós rud é go n-aithníonn Poblacht na Cróite an víosa sin a bheith comhionann le víosaí na Cróite, d'fhéadfadh sí cead isteach i gcríoch an stáit a thabhairt do shealbhóir víosa neamhbhailí ag taisteal chuig tír de chuid Schengen, de bharr easpa rochtana ar an VIS tríd an gcóras dul isteach/imeachta. Fágann sé sin, mar bharr an iomlán, go gcaithfear a fhiafraí cén Ballstát a bheadh freagrach as na costais a bhainfeadh leis na daoine sin a fhilleadh.

Ina theannta sin, mura ndéanfaí an rialachán seo a chur i bhfeidhm i bPoblacht na Cróite, ní bheifí in ann rochtain a fháil ar shonraí oibríochtúla eile maidir le daoine a thrasnaíonn teorainn sheachtrach an Aontais Eorpaigh agus teorainn Schengen go minic, lena n-áirítear daoine a d'fhéadfadh a bheith ina sceimhlitheoirí agus daoine eile a mbeadh amhras ann fúthu ó thaobh na slándála de.

Lena leithéid de chur chun feidhme míchothrom, d'fhéadfadh sé go n-atreorófaí gluaiseachtaí daoine ar bagairt iad do shlándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh, chun na teorainneacha sin a thrasnú nach mbeadh an córas seo á chur i bhfeidhm ann. I gcás Phoblacht na Cróite, d'fhágfadh sé sin go mbeifí ag atreorú go dtí tuairim is 1350 km de chuid theorainn sheachtrach an Aontais Eorpaigh, agus é á cur san áireamh go bhfuil tríú tíortha ann ina bhfuil treocht mhéadaitheach chun éadulaingthe, radacachais agus antoisceachais fhoréignigh iontu, rud atá á cothú freisin ag feiniméan na dtrodaithe sceimhlitheoireachta eachtracha a fhilleann ó limistéir chogaidh chuig a dtíortha dúchais, ag cur leis na rioscaí sceimhlitheoireachta freisin do Phoblacht na Cróite.

Ina theannta sin, le cur i bhfeidhm míchothrom an rialacháin bheadh impleachtaí tromchúiseacha ann maidir le sreabhadh an tráchta trasteorann ós rud é, sa bhreis ar na seiceálacha córasacha a tugadh isteach, go dteastódh níos mó ama do phróiseáil láimhe seachas próiseáil uathoibrithe a dhéanamh ar dhoiciméid taistil, rud a bhainfeadh an bonn don phróifíliú iomchuí slándála ar phaisinéirí a dhéanann na gardaí teorann.

Agus an méid thuas á chur san áireamh, is mian go láidir le Poblacht na Cróite, mar Bhallstát a bhfuil teorainn fhada sheachtrach aici, bealach a aimsiú inar féidir an rialachán seo a chur i bhfeidhm ar gach teorainn sheachtrach de chuid an Aontais Eorpaigh ón gcéad lá a ghlacfar é, rud a chuirfeadh barrfheabhas ar bhaint amach aidhm an rialacháin.